# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú na hArdteistiméireachta 2016*

# Eacnamaíocht Bhaile - Eolaíoch agus Sóisialta

## Teicstílí, Faisean agus Dearadh mar ábhar roghnach

## Achoimre Thaisc don Obair Chúrsa Phraiticiúil

Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí

- Ní mór do na hiarrthóirí uile (*Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal*) a roghnaíonn Teisctílí, Faisean agus Dearadh mar ábhar roghnach an obair chúrsa phraiticiúil a leagtar síos a chríochnú agus a chur i láthair don scrúdú.
- Tá an tasc céanna le déanamh don Ardleibhéal agus don Ghnáthleibhéal araon.
- Is é **29 Aibreán 2016** an spriocdháta chun obair chúrsa phraiticiúil a bheith críochnaithe.
- Ba chóir d'iarrthóirí aird a thabhairt ar na ***Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*** ar na leathanaigh a dó agus a trí den doiciméad seo.

## *Teicstílí, Faisean agus Dearadh mar ábhar roghnach*

## *Achoimre Thaisc don Obair Chúrsa Phraiticiúil 2016*

***Roghnaíonn baill de Rítheaghlaigh, Uachtaráin, Cinn Stáit agus polaiteoirí a bhfeistis (a gcuid éadaigh) go cúramach nuair a bhíonn siad ag taisteal thar lear, chun urraim a chur in iúl don tír ina bhfuil siad ar cuairt nó chun aitheantas a thabhairt don tír a bhfuil siad ag feidhmiú thar a ceann.***

Dear agus sceitseáil feisteas a d'fhéadfadh ionadaí Éireannach a chaitheamh agus é nó í ag feidhmiú thar ceann na hÉireann that lear.
Is féidir an feisteas a roghnaítear a bheith cniotáilte, cróiseáilte nó inneallfhuaite agus oiriúnach d'fhear nó do bhean.
Leag amach na sonraí dearaidh don fheisteas.
Déan ball éadaigh **amháin** de chuid an fheistis agus déan measúnú air. Ní mór **dhá** cheann de na próisis seo a leanas a bheith san áireamh sa bhall éadaigh:
(i) muinchille
(ii) appliqué nó fuáil mhaisiúil
(iii) dairteanna nó dealbhú, (i.e. baill éadaigh chniotáilte no cróiseáilte).

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

- Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn Teicstílí, Faisean agus Dearadh mar ábhar roghnach
  - **imscrúdú a dhéanamh** ar an tasc de réir an phróisis dearaidh
  - **sceitsí dearaidh a chur ar fáil** d'fheisteas bunaithe ar an téama don tasc
  - **ball éadaigh amháin a dhéanamh** ón bhfeisteas a dheartar
  - **fillteán dearaidh a chur i láthair ina mbeidh eolas faoin anailís agus faoin taighde, mar aon le feidhmiú agus measúnú.**

- Tugtar na critéir mheasúnachta mar aon leis an ualú marcanna don Fhillteán Dearaidh, ar leathanach 4.
- Ní mór don bhall éadaigh a dhéantar mar pháirt de Theicstílí, Faisean agus Dearadh mar ábhar roghnach
  - a bheith bunaithe ar theicstílí
  - an próiseas nó na próisis a shonraítear sa tasc a chur san áireamh
  - léirmhíniú so-aitheanta ar an téama a chur san áireamh i ndearadh an bhaill éadaigh
  - inniúlacht a léiriú a thaispeánann dul chun cinn ar na scileanna a sealbhaíodh san Eacnamaíocht Bhaile, sa Teastas Sóisearach.

- Cuirfear i láthair i bhfillteán (méid A4) an t-ábar tacaíochta scríofa a chuirtear isteach mar chuid den tasc críochnaithe. Cuirfear isteach an fillteán dearaidh seo le scrúdú in éineacht leis an mball éadaigh críochnaithe.

- Ní mór don iarrthóir a scrúduimhir agus uimhir na scoile a chur ar an bhfillteán agus ar an mball éadaigh críochnaithe.

- Obair aonair amháin a cheadaitear d'iarrthóirí a chur isteach; ní ghlacfar le hobair ghrúpa.

- Ní mór d'iarrthóirí gach gné den obair chúrsa i dTeicstílí a chur i gcrích faoi stiúir an mhúinteora ranga san Eacnamaíocht Bhaile. Mura ndéantar an obair chúrsa faoi stiúir an mhúinteora ní bheidh sé/sí ábalta an obair a dheimhniú mar obair atá déanta agat féin i d'aonar nuair a iarrann Coimisiún na Scrúduithe Stáit air/uirthi é sin a dhéanamh.

- Obair an iarrthóra amháin is cóir a bheith i ngach obair a chuirtear isteach le haghaidh scrúdaithe (scríofa agus praiticiúil) agus é sin dearbhaithe ag an iarrthóir agus ag an múinteoir ranga. Ní mór ábhair thánaisteacha ar bith a úsáidtear (e.g. leabhair, irisí, suímh ghréasáin, etc.) a admháil. I gcás go bhfuil fianaise ar chomhoibriú i dtaifeadadh ghné ar bith de thasc, dícheadófar na marcanna don obair thaisc a chuirtear isteach.

- I gcás nach féidir a dhearbhú gur obair aonair de chuid an iarrthóra féin is ea an obair thaisc, déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit beart cuí dá réir. Is é a thoradh seo go minic ná go gcinnfear go bhfuil an obair a cuireadh i láthair neamhbhailí agus nach n-áireofar na marcanna a bronnadh ar an obair nuair a bhíonn an toradh móriomlán á chinneadh.

- I gcás go mbíonn amhras ar bith ann maidir le cóipeáil, cúnamh míchuí ó aon pháirtí eile, bradaíl nó soláthar oibre atá ullmhaithe ag páirtí eile, déanfar é seo a fhiosrú go cuimsitheach. Tá sé dlite gur féidir pionós a chur ar iarrthóirí faoi mar atá leagtha amach sna Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna. **Ar na pionóis sin áirítear cailliúint an ábhair, go cailliúint an scrúdaithe sna hábhair ar fad go huile is go hiomlán, nó a bheith toirmiscthe ar na Scrúduithe Teistiméireachta a dhéanamh sna blianta ina dhiaidh sin.**

  Is féidir go mbeadh iarmhairtí tromchúiseacha ann d'aon pháirtí eile a mbíonn baint aige le cúnamh míchuí a thabhairt duit. Tá soláthar déanta san Acht Oideachais 1998 do chionta áirithe coiriúla maidir le reáchtáil na scrúduithe.

- Cuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit scoileanna ar an eolas maidir leis na socruithe do mheasúnacht na bhfillteán dearaidh agus na mball éadaigh críochnaithe mar aon leis na spriocdhátaí deiridh.

- Tá múinteoirí agus údaráis na scoileanna ar an eolas maidir leis na riachtanais mhionsonraithe chun a dheimhniú go mbíonn obair thionscadail bailí chun críche scrúdaithe. Ba chóir d'iarrthóirí cloí go hiomlán le gach iarratas a dhéanann siad, agus é mar sprioc acu a dhearbhú gur leat féin amháin gan chúnamh ó aon duine an obair a chuirtear isteach le haghaidh scrúdaithe.

  Cuimhnigh gur ar an iarrthóir atá an fhreagracht cloí le riachtanais an scrúdaithe. **Mura gcloítear leis na riachtanais thuas, ní bheidh de rogha ag do mhúinteoir agus ag údarás na scoile ach an cúram seo a chur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit**.

## Obair Chúrsa Phraiticiúil i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh

## Critéir Mheasúnachta agus Ualú Marcanna

## Fillteán Dearaidh (25 marc)

| Critéir | Marcanna |
|---|---|
| **Achoimre Dhearaidh – Anailís agus Taighde**<br>⇒ Anailís ar an achoimre, sainaithint na mbunriachtanas agus na srianta san áireamh<br>⇒ Iniúchadh ar an téama<br>⇒ An feisteas atá á mholadh a shainaithint agus tuairisc a thabhairt air (mar aon le sceitsí dearaidh) agus aird á thabhairt ar théama agus ar phróisis éigeantacha<br>⇒ Cás a dhéanamh don fheisteas agus don bhall éadaigh atá le déanamh<br>⇒ Breac-chuntas ar an gcur chuige a leanfar agus an ball éadaigh á dhéanamh. | **15** |
| **Feidhmiú**<br>⇒ Breac-chuntas ar an ord oibre a leanadh, tagairt ghairid do chur i gcrích na bpróiseas éigeantach san áireamh | **4** |
| **Measúnú**<br>⇒ Measúnú ar an mball éadaigh a rinneadh, deacrachtaí a tháinig chun cinn agus an chaoi ar tugadh aghaidh orthu, modhnuithe atá á moladh<br>⇒ Measúnú ar thorthaí an taisc i dtaca leis an achoimre. | **6** |

## Ball Éadaigh (75 marc)

| Critéir | Marcanna |
|---|---|
| **Gnéithe den Dearadh**<br>⇒ Dearadh an bhaill éadaigh a oireann don achoimre dhearaidh<br>⇒ Feidhmiú na bprionsabal dearaidh<br>⇒ Cúinsí aeistéitiúla<br>⇒ Cruthaitheacht. | **15** |
| **Scileanna agus Próisis**<br>⇒ Úsáid ábhar, trealaimh agus scileanna<br>⇒ Cur i gcrích na bpróiseas éigeantach. | **50** |
| **Críoch**<br>⇒ Cur i láthair an bhaill éadaigh chríochnaithe. | **10** |